

Turas Foghlama an Scoláire

An 1ú Bhlain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

An 2ú Bhlain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

Measúnú Rangbhunaithe 1 *Innealtóireacht á cur i nGníomh*

Bíonn múinteoirí páirteach i gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

An 3ú Bhlain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

Measúnú Rangbhunaithe 2 *Taighde agus Forbairt*

Subject Learning and Assessment Review Meeting

Tionscadal – 70%
Scrúdú Scríofa – 30%

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)
70% Tionscadal, 30% Scrúdú Scríofa agus MRB.

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

www.curriculumonline.ie

Is é seo suíomh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) áit ar féidir teacht ar phríomhdhoiciméid amhail Sonraíocht Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí agus Treoirlínte Measúnaithe don Innealtóireacht.

www.jct.ie

Is é seo suíomh sheirbhís tacaíochta scoileanna an SSM. Bunaíodh an tSraith Shóisearach do Múinteoirí chun múinteoirí a spreagadh, tacaíocht a chur ar fáil dóibh agus iad a chumasú chun oideachas na sraithe sóisearaí in Éirinn a athrú ó bhonn. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an Innealtóireacht, tabhair cuairt le do thoil ar ár suíomh ábhair ag www.jct.ie



Bain úsáid as an gcód MF chun dul díreach chuig www.jct.ie



Lean sinn ar Twitter @JCT4ed

An tSraith Shóisearach do Múinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers




An tSraith
Shóisearach
Eolas ar an
Innealtóireacht



Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí

Spreagann an innealtóireacht scoláirí chun cur chuige gníomhach, comhoibríoch, dírithe ar sprioc a thógáil maidir le fadhbhuascailt. San innealtóireacht, úsáidtear cur chuige machnamhach córasach i leith an dearaidh agus mionchoigeartú dearaidh chun réiteach feabhsaithe a mhonarú. Cuireann na tascanna déantúsaíochta béim ar chruinneas agus ar chríoch mhaith. Cothaíonn an innealtóireacht meon innealtóireachta sna scoláirí uile.

Struchtúr na Sonraíochta



Díríonn an tsonraíocht ar thuiscint agus ar scileanna scoláirí a fhorbairt in úsáid agus i dtionchar na dteicneolaíochtaí sa domhan thart orthu. Is trí na trí shnáithe idircheangailte a bhainfear é sin amach: **Próisis agus prionsabail, Feidhm dhearaidh agus Meicitreonaic.**

Ar fud gach ceann de na snáitheanna, tá ceithre ghné le fail: **Eolas agus feasacht innealtóireachta, Forbairt agus déantúsaíocht, Nuálaíocht agus iniúchadh,** agus **Cumarsáid** chun creat foghlama d'ardchaighdeán a chruthú don scoláire. Forbraíonn scoláirí meon innealtóireachta trí dhul i ngleic leis na ceithre ghné.

Torthaí don foghlaim

Is ráitis iad na torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an **eolas, an tuiscint, na scileanna** agus na **luachanna** a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an Innealtóireacht sa tSraith Shóisearach. Tá sé thoradh foghlama is tríocha ar fud na dtrí shnáithe san Innealtóireacht

Eispéiris Foghlama

Beidh na scoláirí ina rannpháirtithe gníomhacha ina gcuid foghlama. Is é an fócas atá ag Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí fadhbhuascailt spriocdhírith do dhéantúsaíocht táirgí, agus béim a bheith ar éifeachtacht, cruinneas, beachtas agus bailcríoch ar ardchaighdeán. Éilíonn an cur chuige tionscadalbhunaithe seo ar scoláirí eolas a fhorbairt ar ábhair agus ar phróisis in innealtóireacht na sraithe sóisearaí.



Measúnú Leanúnach

Cuireann an cur chuige déach i leith an mheasúnaithe leis an tábhacht a thugtar don Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) agus don mheasúnú foirmitheach. Is é a bheidh i gceist leis an measúnú ar Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí - le haghaidh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) - dhá MRB, grád stát-teistithe a gheofar ó thionscadal agus ó scrúdú deiridh scríofa.

MRB 1: Innealtóireacht á cur i nGníomh

- Curtha i gcrích sa dara téarma den dara bliain
- Curtha i gcrích ag scoláirí ina n-aonar nó i ngrúpaí
- Fiosraíonn scoláirí feidhmeanna phrionsabail agus phróisis na hInnealtóireachta
- Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint scileanna agus luachanna thar cheann ar bith de na snáitheanna
- Is féidir le scoláirí a gcuid torthaí a chur in iúl trí mheán ar bith a oireann

MRB 2: Taighde agus Forbairt

- Curtha i gcrích sa chéad téarma sa tríú bliain
- Curtha i gcrích ag scoláirí ar bhonn aonair
- Is féidir le scoláirí taighde a dhéanamh ar théama a léiríonn gné áirithe den tionscadal deiridh.

I ndiaidh gach Measúnú Rangbhunaithe (MRB) a chur i gcrích, bíonn múinteoirí rannpháirteach i gcuirniú Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) chun foghlaim scoláirí a phlé agus chun cleachtas éifeachtach a roinnt. Déanann múinteoirí measúnú ar an dá MRB agus leas á bhaint acu as Gnéithe Cáilíochtaí mar atá leagtha amach sna Treoirínte Measúnaithe atá curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM).

Tionscadal

Críochnaítear an tionscadal i ndiaidh an dara MRB sa tríú bliain. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a shocraíonn agus a mharcálann an tionscadal. Is fiú 70% de ghrád deiridh an CSS an tionscadal.

An Scrúdú Deiridh

Tarlaíonn an scrúdú deiridh scríofa ag deireadh an tríú bliain. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a shocraíonn agus a mharcálann é. Is fiú 30% de ghrád deiridh an CSS an scrúdú deiridh. Is féidir Innealtóireacht a dhéanamh ag leibhéal comónta.

ETIM

Is mór a chuireann Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) leis na hathruithe sa teicneolaíocht agus sa tsochaí i ndomhan seo ár linne. Cothaíonn agus spreagann Teicneolaíocht an Adhmaid don tSraith Shóisearach cuir chuige ETIM (STEM) maidir le foghlaim, scileanna agus meonta.